# Tráth na gCeist

An gcuireann tú d'airgead i dtaisce nó an fearr leat é a chaitheamh láithreach? Tabhair faoin tráth na gceist thíos le fáil amach! Léigh trí gach ceist agus freagair leis an gcéad rogha a ritheann leat. Cuir ciorcal timpeall air. Níl aon fhreagra mícheart!!

**1. Glanann tú do sheomra agus aimsíonn tú go leor bonn – 1c, 2c, 5c. Cad a dhéanann tú leo:**

A. Caitheann tú iad an chéad seans a fhaigheann tú.
B. Cuireann tú ar leataobh i muicín taisce iad.
C. Caitheann tú amach iad mar ní fiú mórán iad.




**2. Faigheann tú d'airgead póca seachtainiúil. Cad a dhéanann tú leis:**


A. Caitheann tú láithreach é.
B. Caitheann tú é le linn na seachtaine.
C. Caitheann tú roinnt agus cuireann tú roinnt i dtaisce.

**3. An Iorgaíonn tú iasacht airgid ó do chlann nó ó do chairde:**

A. Díreach i gcás éigeandála.
B. Go minic.
C. Anois agus arís – b'fhéidir uair sa mhí.
D. Ní fhaighim airgead ar iasacht riamh.

**4. Ceannaíonn tú barra seacláide agus nuair a thagann tú amach ón siopa tugann tú faoi deara go bhfuil tú 50c gann sa tsóinseáil atá faighte:**

A. Fágann tú é go dtí an chéad uair eile a théann tú ar ais go dtí an siopa.
B. Téann tú isteach sa siopa láithreach le rá go bhfuil tú 50c gann.
C. Itheann tú an tseacláid agus déanann tú dearmad faoin 50c.



**5. Faigheann tú airgead do do bhreithlá. Cad é is fearr leat:**

A. Dul ag siopadóireacht leis an airgead.
B. Smaoineamh faoi cad atá riachtanach agus airgead a chaitheamh ar na rudaí sin.
C. Rud amháin a cheannach duit féin mar bhronntanas agus an chuid eile a chur i dtaisce.
D. Gach rud a chur i dtaisce mar tá pleananna móra agat don airgead sin sa todhchaí.

# Tráth na gCeist

**6. Feiceann tú rud éigin a thaitníonn leat i sladmhargadh:**


A. Ceannaigh é mar tá airgead á shábháil agat.

B. Stop agus smaoinigh! An bhfuil sé ag teastáil uaim? An bhfuil dóthain airgid agam?

C. Ceannaigh ceann duit féin agus ceannaigh ceann do do chara freisin!

D. Labhair leat féin ionas nach gceannófá é.

**7. Faigheann tú téacs ó do chomhlacht fóin le cur in iúl duit go bhfuil a bpraghsanna ag ardú:**



A. Ísligh an méid glaonna agus téacsanna a dhéanann tú.

B. Cuardaigh timpeall chun praghas níos fearr a fháil.

C. Déan neamhaird de mar ní úsáideann tú d'fhón rómhinic.

**8. Nuair a théann tú ag siopadóireacht an dtéann tú ag 'cuardach timpeall' (shop around):**

A. Cad is brí le 'cuardach timpeall'.

B. Uaireanta.

C. Téim ag cuardach timpeall i gcónaí

**9. Beidh ceolchoirm ag an mbanna ceoil is fearr leat agus tá ticéad uait:**

A. Baineann tú úsáid as airgead atá i dtaisce agat chun ticéad a cheannach.

B. Faigheann tú  iasacht ó aon duine is féidir leat chun an ticéad a fhái.

C. Déanann tú obair timpeall an tí chun airgead a thuilleamh don ticéad.



**10. Cén mana atá agat i dtaobh airgid**

A. Cuir cuid de ar leataobh mar beidh sé ag teastáil uaim lá éigin.

B. Caith é láithreach mar is cuma faoin am atá le teacht.

C. Coimeád é go léir. Ná caith é riamh.